# An Garda Síochána

# Slándáil Feirme agus Gléasra



## An féidir LEATSA a bheith thíos le rud ar bith?

**NÍ FÉIDIR!** DÉAN GACH GNÍOMHAÍOCHT AMHRASACH A THUAIRISCIÚ DO DO STÁISIÚN ÁITIÚIL NA nGARDAÍ

- Cá bhfuil do chuid uirlisí, cuaideanna, leantóirí agus trealamh costasach eile?
- An bhfuil siad i mbaol gadaíochta?
- An bhfaca tú éinine riamh i do chlós gan chúis ceart aige le bheith ann?
- Ar tháinig éinne suas gan choinne chun iarracht a dhéanamh rud éigin a cheannach uait nó a dhíol leat?
- An bhfaca tú aon fheithicil amhrasach ar do réadmhaoin nó sa chomharsanacht?



## Slándáil.

Déan a leanas a mheas.

### ROCHTAIN CHUIG DO RÉADMHAOIN

Déan rochtain ar do chlós a shrianú. Cuir geataí suas ar chuaillí láidir coincréite nó miotail. Coinnigh faoi ghlas iad.

### TEORANNACHA


Ba chóir go mbeadh aon fhálú, aon fhálta agus aon bhallaí láidir, cothabhálta go maith agus á seiceáil go rialta le haghaidh sáruithe.

### ALÁRAM/TCI

Smaoinigh ar aláram a chur suas in áiteanna i gcontúirt. Eiseoidh an t-aláram rabhadh inchloiste agus déanfaidh an TCI faireachas a éascú ar áiteanna as radharc an teach feirme.

### SOILSIÚ

Déan gach áit a bhfuil amharc uirthi ón teach nó ata clúdaithe ag an TCI a shoilsiú.



### TITHE LASMUIGH

Déan do chuid uirlisí agus do chuid innealra beag a stóráil i bhfoirgneamh le gnéithe feabhsaithe na slándála aige atá gar don teach feirme.




# Marcáil Maoine

**Déanfaidh marcáil do mhaoine na hearraí ar leatsa iad éasca a aithint. Is féidir lena leithéid a bheith mar chosc éifeachtach.**

- Grianghraf a ghlacadh d'innealra agus d'uirlisí
- D'fhonn tuairim ar an scála a fháil, cuir duine éigin ina sheasamh in aice le hearraí móra mar chuaid agus leantóirí. Bain úsáid as rialóir i gcás earraí beaga.
- Déan an déantús, an tsraithuimhir, an dath agus aon ghnéithe neamhghnácha ar an trealamh a thaifeadadh. Léirigh cineál marcáil na maoine agus cá háit a scríobhadh iad ar an earra. Féach thíos ar Aip Shealúchais An Garda Síochána.


## MARCÁIL FHOLLASACH

- Déan do chód ar leith agus d'uimhir chláraithe a stionsal – m.sh. BL5 (thart ar 8 n-orlach ar airde) ar d'fheithiclí feirme/d' innealra/do ghléasra
- Úsáid dian-eitseáil/dian-stionsalú le haghaidh uimhir do thí agus d'ainm a scríobh.
- Is féidir díanmharcáil bhuan a dhéanamh le táthaire nó le líomhadóir.




## MARCÁIL CHEILTE

- Is féidir táirgí mar mharcáil den chineáil ADN Fóiréinseach a chur i bhfeidhm ar achair/áiteanna nach féidir leis an gcoirpeach/leis an ngadaí a aimsiú go héasca.
- Déan teagmháil le d'Oifigeach Coiscthe Coireachta áitiúil le haghaidh faisnéise/comhairle más gá.
- Is féidir eitseáil nó greanadh a dhéanamh faoin innealra nó in achair a mbíonn sméartha le láib agus a bhfanfaidh i bhfolach dá bharr.
- Is féidir buanmharcóir a bheith oiriúnach chun trealamh beag a mharcáil.
- Bíonn éifeacht le hiarann sádrála d'fhonn marcáil bhuan a dhéanamh ar achair phlaisteacha.




# Aip Shealúchais An Garda Síochána

**Ar fáil ó Apple Store agus ó Android Play.**

Rinne An Garda Síochána Aip Shealúchais An Garda Síochána a fhorbairt chun cabhrú le agus chun spreagadh a thabhairt do dhaoine sonraí a gcuid réadmhaoine (lena n-áirítear trealamh feirme) a thaifeadadh ar a bhfón cliste féin ar féidir a aisghabháil agus a chur ar aghaidh chuig na Gardaí más mian le húinéir na réadmhaoine á dtuairisciú a bheith caillte nó goidte. Is féidir an aip a íoslódáil saor in aisce ó Apple Store nó ó Android Play.

